



Amstardam

Éamonn Ó Ruanáí

Ábhar tacaíochta léitheoireachta
agus tuisceana

Bairbre Ní Thuairisg

COMHAIRLEOIRÍ SRAITHE: SIOBHÁN NÍ DHÚILL AGUS BRÍDÍN NIC UIGINN



CLÁR

Caibidil 1	3
Caibidil 2	5
Caibidil 3	8
Caibidil 4	12
Caibidil 5	15
Caibidil 6	20
Caibidil 7	22
Caibidil 8	25
Caibidil 9	28
Caibidil 10	32
Caibidil 11	35
Caibidil 12	38
Caibidil 13	41
Caibidil 14	43
Caibidil 15	45
Caibidil 16	47



CAIBIDIL 1

Triail Tuisceana

1. Cá bhfuil an chéad chaibidil seo suite?
2. Cad a bhí ar siúl ag na fir a bhí timpeall ar an mbord?
3. Cén tuairim a bhí ag an mbeirt imreoirí eile faoi Chonchúr?
4. Cén fáth ar ainm cuí é an 'Grand National' ar an rás cáiliúil capall, dar le Conchúr?
5. Cad a bhí ag cur imní ar Chonchúr le déanaí?
6. Cén luach a bhain leis na cártaí a bhí i lámha Chonchúir, dar leis?
7. Tugadh trí ainm éagsúla ar an bhfear tanaí tostach ag an mbeár. Cad iad?
8. Cad iad na táblaí a bhí ar eolas go maith ag Fat Tony?
9. Fíor nó bréagach: Is fear ramhar é Fat Tony?
10. Cén fáth ar chaith an fear gorm uaidh a chuid cártaí, meas tú?



Scríbhneoireacht

Scríobh an iontráil dialainne a scríobhfadh Conchúr an oíche sin, tar éis dó fillleadh abhaile.



Stór Focal

Féach ar na focail seo thíos le cara leat agus déanaigí iarracht a mbrí a thomhas. Breathnaigí san fhoclóir más gá. Nuair a bheidh sin déanta agaibh, déanaigí iarracht iad a úsáid in abairtí.

*Cuimhnigh: Ar chuala tú an focal seo riamh cheana?
An bhfuil sé cosúil le focal ar bith eile?
An bhfuil tú in ann an bhrí a thomhas?*

carn	mearbhall	smálaithe	giolla
osna	allasúil	tréimhse	ullamh
glinniúil	tostach	sioscarnach	fiacha



Gramadach

Tá an chéad chaibidil scríofa san aimsir chaite. Aimsigh trí bhriathar dhearfacha agus trí bhriathar dhiúltacha i gcaibidil 1.

Dearfach (✓)	Diúltach (X)



Fiosraigh

Breathnaigh ar fhréamh na bhfocal seo thíos. Breathnaigh ar na focail mar atá siad i gcaibidil 1 agus fiosraigh an patrún a baineann leo.

Fréamh	Sa scéal	Athrú ar an bhfocal	Patrún - cén fáth?
bord	i lár an bhoird		
doras	os cionn an dorais		
tamall	ar feadh tamaill		

Cad a shíleann tusa?

Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra a shíleann tusa atá ceart.

Is amadán óg gan chiall ar bith é Conchúr.	Is ea	Ní hea	Ní fios go fóill
Is fearr na cártaí atá ag an bhfear beag maol.	Is fearr	Ní fearr	Ní fios go fóill
Is cairde iad an fear beag maol agus Fat Tony.	Is ea	Ní hea	Ní fios go fóill
Is maith le Fat Tony Conchúr.	Is maith	Ní maith	Ní fios go fóill
Ní raibh an dara rogha ag Conchúr ar leathanach 6.	Bhí	Ní raibh	Ní fios go fóill



CAIBIDIL 2

Triail Tuisceana

1. Cén chaoi ar stán Fat Tony ar Chonchúr?
2. Cén t-ainm a thug Conchúr ar Fat Tony?
3. Cén méid airgid a d'iarr Conchúr ar iasacht?
4. Cén dath a bhíonn ar nótaí cúig chéad euro?
5. Scríobh na habairtí a mhíníonn an chaoi ar mhothaigh Conchúr nuair a thuig sé go raibh an cluiche cailte aige?
6. Fíor nó bréagach: Tá faitíos ar Chonchúr roimh Fat Tony?
7. Deir Fat Tony gur breá leis a bheith in ann gar a dhéanamh dá 'chara'. Meas tú an cairde iad Conchúr agus Fat Tony?
8. Meas tú an raibh ceithre mhíle euro ag Conchúr riamh cheana? Cén fáth a gceapann tú é sin?
9. Cén fáth ar úsáid Conchúr an íomhá 'faoin uisce' le cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar airigh sé nuair a chaill sé?
10. Cén méid airgid a bheidh ar Chonchúr a aisíoc le Fat Tony an tseachtain seo chugainn?



Stór Focal

Sa chéad líne, deirtear gur 'stán' Fat Tony ar Chonchúr. An féidir leatsa smaoineamh ar aon bhriathra eile a d'fhéadfaí a úsáid seachas 'stán' san abairt sin? Pléigh é seo leis an duine in aice leat ar feadh nóiméid.



Taighde

1. Bain úsáid as Wikipedia chun taighde a dhéanamh ar ord na gcártaí is fearr sa phócar. Cad iad na cártaí a bheadh de dhíth ar Chonchúr chun an lámh in uachtar a fháil ar an bhfear beag maol? (https://en.wikipedia.org/wiki/List_of_poker_hands)
2. Cérbh é Don Corleone? Cuir ceist sa bhaile nó déan do chuid taighde féin air.



Stór Focal

Is **samhail** é an nath ‘chomh tirim leis an Sahára’. Cuirtear rud amháin i gcomparáid le rud eile chun pictiúr nó íomhá níos soiléire a léiriú dúinn. Úsáidtear an focal ‘chomh’ i samhail. An bhfuil samplaí eile ar eolas agat?

Tá samhlacha coitianta tugtha sa tábla thíos. Cruthaigh thusa do chuid samhlacha nua féin. Bíodh spraoi agat!

Chomh bán le sneachta Chomh bán le _____	Chomh hard le binn tí Chomh hard le _____
Chomh ciúin le luch Chomh ciúin le _____	Chomh ramhar le muc Chomh ramhar le _____

Aidiachtaí: Comparáid

Shiúil Fat Tony i dtreo Chonchúir ‘ar nós rí’. Liostaigh trí thréith atá ag Fat Tony agus a mbeifeá ag súil leo i rí.

***Fat
Tony***

Tréithe

1. _____

2. _____

3. _____

Rí



Obair Ghrúpa/Bheirte (ó bhéal)

1. Cén cineál gaoil atá idir Fat Tony agus gach duine eile: meas, faitíos nó ómós? An mar a chéile iad na trí fhocal sin?
nó
2. Tá seachtain ag Conchúr le €6,000 a fháil. Cad a mholfá dó a dhéanamh?



Cumadóireacht

Bíonn comharthaí coirp á n-úsáid ag Fat Tony go minic in áit focal. Seo thíos trí eachtra. Scríobh na focail a déarfadh Fat Tony, dar leat, dá labhródh sé.

Comhartha	Focail
'Stán Fat Tony go leisciúil ar Chonchúr sular leag sé a ghloine go cúramach ar an mbeár' (lch 8)	
'Ní dhearna Fat Tony ach comhartha leisciúil a dhéanamh le duine dá chomrádaithe' (lch 8)	
'Mhothaigh sé súile fuara géara Fat Tony ag stánadh air' (lch 10)	



Scríbhneoireacht

Scríobh sliocht ina ndéanfaidh tú cur síos ar Chonchúr. Cén chuma atá air, e.g. súile, gruaig, airde? Cá bhfuil cónaí air? Cén aois é? An bhfuil post aige?



CAIBIDIL 3

Triail Tuisceana

1. Cad a bhí á dhéanamh ag Conchúr in ionad a bheith ina chodladh?
2. Cén fáth gur €6000, agus ní €4000, a bhí ag teastáil ó Chonchúr?
3. Cá bhfuair Conchúr an t-airgead chun an BMW a cheannach ar an gcéad dul síos?
4. Cén fáth nár lorg Conchúr níos mó ná €30,000 nuair a bhí an BMW á dhíol aige?
5. Cén áit ar shocraigh sé bualadh le Stanley?
6. Cad a bhí á chaitheamh ag an bhfear a shuigh isteach sa suíochán cúil?
7. Cén méid airgid a bhí Stanley sásta a íoc ar an BMW?
8. Cén fáth, meas tú, nach raibh cairde Chonchúir 'ábalta, nó sásta iasacht a thabhairt dó'?
9. Cén méid airgid a fuair Conchúr óna dheirfiúr an bhliain roimhe sin?
10. Cad a cheapann tú faoin gcaoi ar chaith Conchúr an €100,000?



Fiosraigh

Liostaigh trí rud sa chéad alt a thugann le fios dúinn go raibh inní ar Chonchúr?

1. _____
2. _____
3. _____





Stór Focal

Léigh na focail sa liosta ar chlé thíos. Anois faigh foclóir agus cuardaigh focal ar bith nach dtuigeann tú. Nuair a thuigfidh tú gach ceann díobh, déan iarracht iad a aimsiú sa chuardach focal thíos.

dorn	c	o	i	r	p	e	a	c	h	n
babhtaí	s	d	o	f	r	n	b	a	b	r
matán	o	s	h	i	t	a	l	í	m	o
blaosc	a	c	m	a	c	a	l	l	a	d
macalla	l	a	a	c	r	t	á	n	m	b
scagadh	b	g	l	h	ó	a	o	a	s	c
coirpeach	m	a	e	a	n	a	t	c	a	l
gean	l	d	a	a	á	á	s	c	a	g
crónán	a	h	d	h	n	c	o	i	r	p
fiacha	e	a	b	a	b	h	t	a	í	c



Plé Ranga

Tá Conchúr le casadh le strainséar. D'fhéadfadh sé gur duine deas a bheadh ann nó duine gránna. Pléigh na rudaí ba chóir duit a dhéanamh le cinntiú go mbeidh tú sábháilte agus tú ag casadh le strainséar.



Obair bheirte

Scrúdaigh na focail seo thíos agus déan iarracht oibriú amach cén uair ba cheart iad a úsáid. Pléigh le do pháirtí iad.

amach	amuigh
isteach	istigh
lasmuigh	laistigh

An féidir leat abairtí samplacha a chumadh chun an difríocht eatarthu a léiriú? Déan iarracht na habairtí a bhunú ar thimpeallacht na scoile. I do chóipleabhar, scríobh míniú ar na focail, mar aon le habairtí samplacha chun a n-úsáid a léiriú.



Tarraing pictiúr

Labhair le cara leat agus déan iarracht brí na nathanna cainte seo a oibriú amach. Déan iarracht pictiúr a tharraingt ag léiriú brí na nathanna seo.

Ní raibh néal codlata faighte aige.	Cuma na hóinsí.
Ní raibh an dara suí sa bhuaile aige.	Baineadh siar as.



Gramadach

'Ghlanadh sé an gluaisteán laistigh agus lasmuigh gach tráthnóna Domhnaigh. Níodh sé gach milliméadar taobh amuigh agus chuireadh sé snas ar na síocháin leathair agus ar an miotal glan cuar'. (Ich 13)

Ceist: Cén aimsir ina bhfuil na briathra (dearg) san abairt seo?

An bhfuil tú in ann an patrún thuas a úsáid chun na briathra seo thíos a chur san aimsir chéanna?

dún		bris		bí	
-----	--	------	--	----	--



Scríbhneoireacht

1. Scríobh iontráil dialainne dheirfiúr Chonchúir tar éis do Chonchúr teacht ar cuairt chuici.
2. Scríobh cúig cheist a chuirfeá féin ar Chonchúr faoin gcarr?
3. Téigh chuig carzone.ie, carsireland.ie nó suíomh éigin eile den chineál céanna. Roghnaigh carr, déan taighde air agus scríobh tuairisc ghairid air. Luaigh na nithe seo: déanamh, bliain, míleáiste, breosla, praghas.
4. Roghnaigh carr duine de na múinteoirí sa scoil agus scríobh fógra nuachtáin chun an carr sin a dhíol. Bí cinnte neart sonraí a thabhairt faoin gcarr, chomh maith le praghas agus sonraí teagmhála.



Smaoinigh agus Pléigh

Smaoinigh ar an gceist thíos ar feadh tamaillín agus scríobh síos na smaointe a bheidh agat. Ansin, pléigh an cheist leis na daoine eile i do ghrúpa.

Dá bhfágadh duine €100,000 le huacht agatsa, cad a dhéanfá leis?



CAIBIDIL 4

Triail Tuisceana

1. Cén t-am a bhí ann tráthnóna?
2. Cén cineál láimhe a síneadh isteach chuig Conchúr sa charr?
3. Cén meafar a d'úsáid an t-údar le cur síos a thabhairt ar thorann an chairr ar lch 18?
4. Cén cineál tiománaí a bhí i Stanley?
5. Cén luas a bhí faoin gcarr ar an mótarbhealach?
6. Cén fáth a ndeachaigh siad chuig an stáisiún peitрил?
7. Cad a bhí ag clúdach éadan an fhir a raibh an gunna aige?
8. Thug Conchúr na heochracha do Stanley. An bhféadfá smaoineamh ar phlean eile a bheadh níos sábháilte?
9. Ar theastaigh aer ón mbonn, an gceapfá?
10. An raibh leaba agus lóistín ar fáil sa sean-eastát tionsclaíochta, i ndáiríre?



Stór Focal

Léigh na focail seo agus pléigh an bhrí atá leo le cara de do chuid.

comharsanacht	cnámhach	dufair	i bhfolach
luasaire	coscáin	neamhghnách	bairille gunna
tréigthe	leathchois	nimhneach	splanc thintrí

Anois seiceáil san fhoclóir le cinntiú go bhfuil an ceart agat!



Plé Ranga

Cuir na cásanna seo in ord bunaithe ar chomh dona atá siad, dar leat.
(1 an ceann is fearr, 4 an ceann is measa.)

Tá carr Chonchúir imithe.		Níl aon airgead aige do Fat Tony.	
Tá a chloigeann gortaithe go dona.		Níl cara ar bith sásta cabhrú leis.	



Fiosrú Focal

Is **meafar** é an fráasa ‘bhúir an gluasteán ar nós leoin’. Déantar cur síos ar rud le míniú iomlán éagsúil ionas go mbeidh tuiscint níos doimhne againn, mar shampla:

an carr mar leon = léiriú ar chumhacht, torann, etc.

Tá dhá mheafar eile ar lch 18. Cén bhrí a bhaineann tusa astu?

Meafar	Míniú/Brí
an carr mar leon	cumhacht, torann, an ceann is fearr
an t-ollmhargadh mar dhufair choincréite	
daoine mí-ionraice mar leoin agus mar nathracha nimhe	



Déan taighde

Dá mbeadh €30,000 agat chun carr a cheannach, cén sórt cairr a cheannófá? Cad a bheadh tábhachtach duitse agus an rogha seo á déanamh agat?



Scríobh tuairisc

Scríobh an tuairisc a thabharfá do na Gardaí dá mbeadh an eachtra seo feicthe agat. Bheadh na mionsonraí rithábhachtach sa chás seo.



Scríbhneoireacht

Líon na bearnaí sa sliocht seo thíos le focail ón stór focal seo.

c(h)omharsanacht	i bhfolach	nimhneach	splanc thintrí
ar leathchois	luasaire	neamhghnách	bairille gunna
dufair	coscáin	tréigthe	cnámhach

Is baile _____ é Cill na Muc anois, ach fadó bhí cónaí ar roinnt mhaith daoine sa _____. Bhíodh fear _____, _____ ina chónaí ann. Nuair a bhí sé óg bhí gasúir ag pleidhcíocht i gcarr, ag brú ar an _____, cos go clár, agus ansin ag brú go trom ar na _____. Lá amháin agus é ag siúl trasna an bhóthair, a bhí chomh díreach le _____, chonaic an fear carr ag teacht. Ní fhaca na gasúir é agus bhuail an carr faoi agus fágadh _____ é.

Tráthnóna geimhridh amháin las _____ sa spéir. Chuaigh an fear _____ taobh thiar de charraig mhór. Bhuail lasair a chos. Bhí sí _____ agus lig sé béic as leis an bpian. D'éirigh sé le breathnú ar Chill na Muc agus iontas na n-iontas bhí neart ina dhá chos! Nuair a bhreathnaigh sé ar a bhaile féin chonaic sé go raibh sé scriosta ag an lasair. Ní raibh ann níos mó ach _____ choinchréite. D'fhan sé ann leis féin ar feadh na mblianta.



CAIBIDIL 5

Triail tuisceana

1. Cén cineál péine a bhí ar Chonchúr?
2. Cá raibh an cnapán mór millteach ar Chonchúr?
3. Cad a bhí ar na ballaí?
4. Cén troscán a bhí sa seomra?
5. Cá raibh Conchúr an chéad uair a chonaic sé francach?
6. Cén úsáid a bhain Conchúr as cos na cathaoireach?
7. Cén meafar atá in úsáid le cur síos a dhéanamh ar an bpian atá i gcloigeann Chonchúir?
8. Tá faitíos a bheatha ar Chonchúr roimh fhrancaigh. Cén rud a bhfuil faitíos ortsa roimhe?
9. Cad a chiallaíonn an frása 'idir aithne is anaithne' ar lch 25?
10. Cén fáth ar bhreathnaigh Conchúr timpeall air nuair a d'oscail sé an doras?



Scríobh ceisteanna

Is iriseoir tú atá díreach tar éis cloisteáil faoi scéal Chonchúir. Scríobh deich gceist ba mhaith leat a chur air. Babhtáil do cheisteanna leis an duine taobh leat.



Fiosrú Focal

'D'airigh Conchúr a bhlaosc ag at.'

Luaigh 3 rud eile a d'fhéadfadh at.



Stór Focal

Seo thíos cúig fhocal atá sa chaibidil seo. Is minic a bhíonn níos mó ná brí amháin le focail. Aimsigh dhá bhrí atá le gach ceann de na focail seo. Bain úsáid as foclóir.

Focal	Brí 1	Brí 2
blaosc		
breac		
toirt		
aithne		
maolaigh		

Anois, cuir gach focal thuas in abairt. Bí cinnte an dá bhrí éagsúla a chur san áireamh.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____



Obair Ghrúpa/Bheirte

Gramadach: Aidiachtaí le hainmfhocail

- Is **rud** nó **duine** é ainmfhocal, e.g. **fear, bord, scoil, liathróid**.
- Tugann aidiacht eolas breise dúinn faoin ainmfhocal, e.g. **beag, fada, liath, trom, cliste**.
- Bíonn ainmfhocail firinscneach (*fear*) nó baininscneach (*bean*).
- Cuirtear séimhiú nó 'h' ar ainmfhocail bhaininscneacha dar tús consan nuair a chuirtear **an** rompu, e.g.

<i>Firinscneach</i>	<i>Baininscneach</i>
fear › an fear	fuinneog › an fh uinneog
buachaill › an buachaill	bean › an bh ean

- Nuair a leanann aidiacht an t-ainmfhocal, cuirtear séimhiú ar aidiacht i ndiaidh ainmfhocal baininscneach.

<i>Firinscneach</i>	<i>Baininscneach</i>
fear deas	fuinneog mh ór
an fear deas	an fh uinneog mh ór
buachaill cliste	bean ch liste
an buachaill cliste	an bh ean ch liste

Déan staidéar cúramach ar an eolas thuas. Beidh deis agat do thuiscint a thástáil sa chéad chleachtadh eile!

Scrúdaigh na focail seo le cara leat agus oibrigh amach an bhfuil siad firinscneach (F) nó baininscneach (B).

Scríobh **F** nó **B** in aice leis na focail chun é sin a thabhairt le fios.

Ainmfhocal agus aidiacht	F nó B?
1. pian gh éar	
2. balla tais	
3. cnapán mór	
4. féar tirim	
5. seanchathaoir bh riste	
6. urlár salach	
7. scoilt bh eag	
8. fuinneog sh alach	

Plé agus Scríobh

‘Thug sé aghaidh ar an doras **an athuair**.’

Scrúdaigh na focail seo:

athrá, athdhéanamh, athlámh, athuair

Cad a chiallaíonn an réimír ‘ath-’, dar leat? _____

Leis an eolas sin, oibrigh amach brí na bhfocal seo:

athbhris athcheangail athphósadh athscríobh

Cén t-athrú a thagann ar an dara cuid den fhocal mar gheall ar an réimír?



Éist agus Tarraing

Éist leis an múinteoir ag léamh an chur síos ar an seomra ina raibh Conchúr (lch 23 agus barr 24). Samhlaigh an suíomh agus déan iarracht pictiúr a tharraingt chun é a léiriú. Déan iarracht pictiúr chomh hiomlán agus is féidir leat a tharraingt.





CAIBIDIL 6

Triail Tuisceana

1. Cén cineál scátháin a d'úsáid Conchúr?
2. Cad a bhí ina chuid gruaige?
3. Cá raibh na piollairí?
4. Cén fáth ar ghlaigh sé ar na Gardaí?
5. Cad a bhí Conchúr a iarraidh a fháil ón gcomhlacht árachais?
6. Cá ndeachaigh Conchúr ag cuardach an chairr?
7. Meas tú cén fáth nár inis Conchúr an fhírinne don Gharda?
8. An síleann tú go bhfuil polasaí an chomhlachta árachais cothrom? Cén fáth?
9. Cén fáth ar thug Conchúr leis an eochair bhreise don BMW?
10. Bhí díomá agus tuirse ar Chonchúr. An bhfuil tú in ann cuimhneamh ar uair ar bith nuair a bhí díomá ort féin?



Stór Focal

Tá litir amháin fágtha ar lár sna focail seo thíos. Cuardaigh na focail sin sa chaibidil agus scríobh an litir atá ar iarraidh. Anois déan iarracht brí na bhfocal a aimsiú ón abairt. Faigh foclóir agus cuardaigh focal ar bith nach dtuigfidh tú.

l__b

scoi__t

sam__nas

__adóchas

c__iteamh

dre__s

An féidir leatsa gach ceann de na focail seo a chur in abairt de do chuid féin anois?



Litriú

Is focal breá fada é 'malltriallach'. Triail ar a laghad 12 fhocal bheaga a chumadh leis na litreacha san fhocal sin. Tá trí nóiméad agat.



_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____



Obair bheirte

Déan cleachtadh ar an nglaoch gutháin a bhí idir Conchúr agus an Garda le do pháirtí agus léirígí don rang é. Nuair a bheidh sé déanta agaibh uair amháin, déanaigí na ról a bhabhtáil.



Nath Cainte

‘saothar in aisce a bhí ann’

Le cabhair ó chara leat, aimsigh an abairt ina bhfuil na focail seo ar lch 30. Déanaigí iarracht brí an natha cainte seo a oibriú amach ón abairt iomlán.

I do chóipleabhar, déan iarracht tús a chur le dhá abairt nua agus tarraing pictiúr a léireoidh brí na n-abairtí sin.



Scríbhneoireacht

1. Scríobh liosta de na drochrudaí uile atá tar éis tarlú do Chonchúr go dtí seo sa scéal.
2. Scríobh an tuairisc a scríobh an Garda tar éis do Chonchúr glaoch air.



CAIBIDIL 7

Triail Tuisceana

1. Cad a bhí le cloisteáil ag Conchúr óna sheomra?
2. Cad chuige na piollairí?
3. Cén torann a bhí ag an gciteal?
4. Cé mhéad spúnóg caife a chuir sé sa phota?
5. Meas tú cén t-am den lá a bhí ann nuair a dhúisigh Conchúr?
6. 'Bhí sé in éad leo' (lch 31). Cé atá i gceist leis an bhfocal 'leo'?
7. Cén fáth ar éirigh Conchúr 'go mall', an gceapfá?
8. Cén fáth nár ól Conchúr an caife a luaithe is a bhí sé réitithe aige?
9. Cén fáth ar athraigh Conchúr an focal 'drochsheasamh' go 'drochshuí'?
10. An bhfuil plean ag Conchúr anois, an gceapfá?



Nath Cainte

'Bhí sé in éad leo.'

Cuimhnigh ar rudaí a chuireann éad ar dhaoine agus breac síos anseo iad.



Stór Focal

Léigh na focail seo thíos agus pléigh an míniú atá leo le cara leat. Beidh sé níos éasca má fhéachann sibh ar na focail in abairtí iomlána sa leabhar.

ag maolú	coimeád	piollairí	imirce
drochshuí	i ndán dó	saighead	seilbh
meangadh	méanar	uilleach	leathlíon

Anois faigh foclóir le cinntiú go bhfuil an ceart agaibh!

An féidir leatsa abairtí nua de do chuid féin a chumadh leis na focail chéanna?



Gramadach: Modh Ordaitheach

Ar chlé sa tábla thíos, tá samplaí de bhriathra éagsúla sa dara halt san aimsir chaite. Samhlaigh anois go bhfuil tusa ag tabhairt orduithe do dhaoine nó ag iarraidh orthu na rudaí sin a dhéanamh. Athraigh na habairtí thíos ón aimsir chaite go dtí an modh ordaitheach.

Abairt ón scéal	Modh Ordaitheach
1. D'éirigh sé go mall.	Éirigh go mall.
2. Chuardaigh sé i gcófra.	
3. Tháinig sé ar phiollairí.	
4. Shlog sé siar dhá phiollaire.	
5. Chuir sé an citeal sa tsiúl.	
6. Shuigh sé sa chathaoir uilleach.	
7. D'éirigh sé go cúramach.	
8. Chaith sé trí spúnóg caife ...	
9. Líon sé muga.	
10. Shúigh sé isteach é.	



Scríobh Scéal

Cum scéal agus an seanfhocal 'Is fearr rith maith ná drochsheasamh' mar theideal air.



Fiosrú Focal

Is réimír é an focal ‘droch-’ a chuirtear roimh fhocal eile chun an bhrí a athrú, e.g.

suí › drochshuí seasamh › drochsheasamh aimsir › drochaimsir

Cén t-athrú a thagann ar an dara cuid den fhocal?

Seo dhá shampla eile: drochdhuine, drochlá.

Ansin cuardaigh ceithre cinn eile san fhoclóir nó cum do chuid féin.



Plé i nGrúpaí

Cé atá ag an doras, meas tú?

Cuir na féidearthachtaí thíos in ord. Cuir 1 in aice leis an duine is dóichí atá ann, dar leat, agus cuir 7 in aice leis an duine is lú seans atá ann.

Fat Tony		An Fear Beag Maol	
An Fear Gorm		An Garda	
Stanley		Duine eile	
A Dheirfiúr			

Cén fáth a gceapann tú sin? Pléigh do chuid tuairimí leis na daoine eile i do ghrúpa.



CAIBIDIL 8

Triail Tuisceana

1. Cén fáth nach maith le bean chéile Fat Tony dul go dtí an Spáinn?
2. Cad é an chéad rud a chonaic Conchúr nuair a d'oscail sé an doras?
3. Cén cineál culaithe éadaigh a bhí ar Fat Tony?
4. Cén cineál ceiste nach dtugann duine freagra ar bith uirthi?
5. Cad a dúirt a dhochtúir le Fat Tony faoi bheith buartha?
6. Cad é nach maith le cuntasóir Fat Tony?
7. Meas tú cén chaoi a raibh an t-eolas uile ag Fat Tony faoi Chonchúr?
8. An gceapann tú go raibh a fhios ag Fat Tony nach mbeadh an t-airgead ag Conchúr sular chuir sé an cheist? Cén fáth?
9. Cén fáth a gcuirfeadh an 'gar beag' gliondar ar chroí a chuntasóra?
10. Cén sórt 'pacáiste' a bheidh i gceist, an gceapfá?



Taighde

Bain úsáid as leabhair nó as an idirlíon chun na difríochtaí idir eilifintí na hAfraice agus eilifintí na hIndia a lorg. Míne na difríochtaí anseo.



Plé Ranga

'Is fearr rith maith ná drochsheasamh.'

Pléigh an seanfhocal seo leis na daltaí eile sa rang. Cad is brí leis? An féidir leat smaoineamh ar uair i do shaol nuair a bhí sé oiriúnach?

Ealaín

Is ealaíontóir an-cháiliúil é Rembrandt. Déan cuardach ar an idirlíon agus aimsigh ar a laghad trí cinn de na saothair ealaíne a rinne sé.

1. Cad a thugann tú faoi deara iontu?
2. An maith leat an stíl atá aige? Tabhair fáth le do fhreagra.



Stór Focal

Léigh na focail seo thíos agus cuir tic sa bhosca ceart.

Focal	Tuigim an focal agus tá mé in ann é a mhíniú	Tuigim an focal ach níl mé in ann é a mhíniú	Aithním an focal ach ní thuigim é	Seo focal nua domsa!
guailí				
ag teannadh				
sracadh				
ord				
culaith				
reitriciúil				
gintear				
síodúil				
comhairleoirí				
dúnmharú				

Anois faigh foclóir agus cuardaigh na cinn nach raibh tú in ann a mhíniú. Pléigh na focail leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht abairtí ó bhéal a chumadh leis na focail sin.



Nathanna Cainte

Pléigh na nathanna seo a leanas le cara leat agus déanaigí iarracht an bhrí a oibriú amach. Déan iarracht na nathanna a chur in abairtí, mar a d'úsáidfeá i do shaol féin iad.

- ... ní raibh saol madra aige ... (lch 39)
- ... ní nach ionadh ... (lch 41)
- ... an obair a bhí idir lámha ... (lch 43)

Maidir leis an nath deireanach sin, an féidir libh smaoineamh ar aon nathanna eile atá ar aon bhrí leis?



Taighde

Níl an dara rogha ag Conchúr ach dul go hAmstardam. Lig ort féin go bhfuil tusa ag dul go hAmstardam ar saoire. Déan do chuid taighde don turas.

Tír - cá bhfuil sé?	
Airgead	
Daonra	
Teanga(cha)	
Aeráid/Aimsir	
Eitiltí - cén aerlíne agus cén costas?	
Lóistín / Óstán - cén áit & cén costas?	
Daoine cáiliúla	
Áiteanna cáiliúla agus radhairc cháiliúla	
Nithe ábhartha, cáiliúla eile faoi Amstardam	

Plé Ranga

1. Tá Conchúr i sáinn cheart. Cad a mholfá dó a dhéanamh?
2. Bhí troid agus foréigean sa chaibidil seo. An bhfaca tusa scannán/clár teilifíse roimhe seo a raibh rudaí dá leithéid ann?



CAIBIDIL 9

Triail Tuisceana

1. Ar dtaitníonn an t-aerthaisteal le Conchúr? Cén fath?
2. Cé a cheannaigh mála milseán dó an chéad uair a chuaigh sé ar eitleán?
3. Cad a bhí á léamh ag Conchúr?
4. Ar scaoil Conchúr a chrios sábhála le linn na heitilte?
5. Cén cineál scrúdaithe a rinne an bhean ar phas Chonchúir?
6. Cad iad na trí rud a thaitin le Conchúr faoi thraenacha na Mór-Roinne?
7. Cén fad a thóg sé ar an traein dul isteach go lár na cathrach?
8. Cén fáth, meas tú, a raibh imní air nuair a bhí siad ar an rúidbhealach?
9. An gceapann tú go bhfuil a fhios ag a dheirfiúr go bhfuil Conchúr ar an mbealach go hAmstardam? Cén fáth a ndéarfá sin?
10. Cén chaoi a raibh scéal Aesop cosúil le scéal Chonchúir?



Gramadach

Cuardaigh: Cé mhéad uair atá an focal 'eitleán' luaite sa chaibidil seo?

Fiosraigh: An mar a chéile an focal 'eitleán' agus 'eitleáin'?

Ceist: Cén uair a úsáideann tú ceann amháin thar an gceann eile?



Stór Focal

Léigh na focail sa liosta ar chlé thíos. Anois faigh foclóir agus cuardaigh focal ar bith nach dtuigeann tú. Nuair a thuigfidh tú gach ceann díobh, déan iarracht iad a aimsiú sa chuardach focal ar an gcéad leathanach eile.

puinn	o	t	o	s	n	b	u	i	t	r
tuirling	p	s	l	i	n	g	t	g	s	s
súrac	u	p	n	u	i	n	n	n	c	c
scaoileadh	i	s	ú	a	c	i	r	a	r	a
scríobadh	n	c	s	a	l	e	c	a	í	o
scréachadh	n	o	r	r	i	t	l	e	o	i
osna	a	ú	i	d	r	l	h	s	b	l
toirt	s	u	c	i	r	l	í	o	a	e
go grinn	t	g	o	g	r	i	n	n	d	a
fillte	o	t	s	n	a	f	g	o	h	d
	s	c	r	é	a	c	h	a	d	h

Anois cuir in abairtí iad i do chóipleabhar.

Aidiachtaí le hainmfhocail

Is **rud** nó **duine** é **ainmfhocal**. Tugann **aidiacht** tuilleadh eolais dúinn faoin ainmfhocal. Leanann an aidiacht an t-ainmfhocal. Má bhíonn an t-ainmfhocal san uimhir iolra (níos mó ná ceann amháin), beidh an aidiacht san uimhir iolra freisin.

Scrúdaigh na focail seo thíos ón gcaibidil agus triail roinnt aidiachtaí eile a chur leis na hainmfhocail eile.

Uimhir Uatha (ceann amháin)	Uimhir Iolra (níos mó ná ceann amháin)
cearnóg bheag ghlas	cearnóga beaga glasa
doras beag	doirse beaga
teach mór	
duine deas	
úll dearg	
crann ard	



Obair Ghrúpa/Bheirte

- Táimid ag cur aithne níos fearr ar charachtar Chonchúir. An maith leat é? Pléigh le cara leat cén cineál duine atá ann. Pléigí a thréithe pearsanta agus fisiciúla. An gcuireann sé aon duine i gcuimhne daoibh ó bhur saol féin nó ó leabhar/ón teilifís?
- Pléigh an míniú atá leis na focail seo thíos le cara leat.

sluaite	sruthán	gluais	leantóirí
foirgneamh	báite	canálacha	de dhánacht
tuin	ag faire	bídeach	póilíní

Anois faigh foclóir le cinntiú go bhfuil an ceart agaibh!

An féidir libhse gach ceann acu a úsáid in abairtí nua ó bhéal de bhur gcuid féin?



Scríbhneoireacht

1. Scríobh liosta de na rudaí a phacáil Conchúr dá thuras.
2. Scríobh scéal faoin gcéad uair a bhí tú féin ar eitleán.
3. Lig ort féin go bhfuil tusa ag cur isteach ar phas. Líon isteach an fhoirm iarratais seo thíos.

(Sampla ón idirlíon)

Léigh na nótaí treorach atá ceangailte de seo sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo, le do thoil. **Comhlánaigh an fhoirm seo le Blioclitreacha agus úsáid peann Gránbhiorach Dubh, le do thoil.**

Cuid 1. Sonraí Pearsanta (fíeach nóta 2)

1. Teideal An tUas Bean Iníon Ms Teideal eile

2. Céadainm(neacha)

3. Sloinne

Má thugtar ainm eile ort seachas an ceann atá luaite thuas, comhlánaigh an méid thíos, le do thoil

4. Ar a dtugtar

Má d'athraigh tú d'ainm ó fuair tú an ceadúnas deireanach, comhlánaigh an méid seo thíos, le do thoil

5. Ainm roimhe seo

Fáth an athraithe ainm

Pósadh Gníomhas aonpháirtí Ainm Gaelach Colscaradh/Scaradh

6. Seoladh

Baile/Cathair

Contae

Áit bhreithe

Má rugadh in Éirinn thú, luaigh an contae, le do thoil. Má rugadh thar lear thú, luaigh an tír thuas, le do thoil



CAIBIDIL 10

Triail Tuisceana

1. Cén dath a bhí ar na cosáin le haghaidh na rothar?
2. Cén sórt éadaigh a bhí á chaitheamh ag na fir?
3. Cad a bhí in aice leis an stáisiún traenach?
4. Cad a dhéanann comhairle na cathrach gach mí?
5. Cá bhfuil Conchúr le casadh leis an mbean?
6. An bhfuil sráideanna Amstardam cosúil le sráideanna na hÉireann? Cad iad na príomhdhifríochtaí?
7. Bíonn rothair níos fearr don timpeallacht ná carranna ach cén dochar a bhí na rothair a dhéanamh don timpeallacht in Amstardam?
8. Cén fáth ar phreab Conchúr nuair a d'airigh sé an fón póca ag bualadh?
9. Conas a bhraith Conchúr nuair a dúirt an bhean go bhfaca sí ag an aerfort é?
10. Meas tú cad é an 'stuif' atá le bailiú aige?



Gramadach

Tá 11 bhriathar sa Ghaeilge atá neamhrialta. An féidir leat samplaí de roinnt de na briathra sin a aimsiú i gcaibidil 9 agus i gcaibidil 10? Liostaigh thíos iad. Is cuma cén aimsir ina bhfuil siad.

Na Briathra Neamhrialta

_____	_____	_____
_____	_____	_____
_____	_____	_____
_____	_____	_____



Stór Focal

Meaitseáil na focail ar chlé leis an míniú cuí ar dheis. Tá ceann amháin déanta duit.

rúidbhealach	'le do thoil' agus 'go raibh maith agat' a rá
dea-bhéasach	úsáidtear é chun cainéal teilifíse a athrú
poncúil	téann sé ó bhun go barr in áit staighre
sruthán	an áit ina mbíonn eitleán ag tuirlingt
ardaitheoir	i gcónaí in am
cianrialtán	airgead a bhí ar iasacht a thabhairt ar ais
aisíocaíocht	tá sé seo ar nós abhainn bheag



Plé Ranga

'An mbeadh Fat Tony sásta le turas amháin nó arbh é seo an chéad ghála den aisíoc?' (lch 52). Cad a cheapfása?



Nathanna cainte

Leigh na nathanna thíos agus an míniú in aice leo.

1. Is beag duine atá ann - Níl mórán daoine ann
2. Is beag Gaeilge atá agam - Níl mórán Gaeilge agam

Anois déan iarracht na struchtúir sna nathanna sin a úsáid chun abairtí de do chuid féin a chumadh.

Cum abairtí

‘Ní raibh de dhánacht ann ...’ (lch 50)

An dtuigeann tusa brí an natha seo ó na samplaí seo thíos?

- Ní raibh sé de dhánacht inti an carr a ghoid.
- Ní raibh sé de dhánacht ionam dul ann.

Críochnaigh na habairtí thíos. Úsáid do chuid samhlaíochta!

1. Ní raibh sé de dhánacht ionam _____.
2. Ní raibh sé de dhánacht ionat _____.
3. Ní raibh sé de dhánacht ann _____.
4. Ní raibh sé de dhánacht inti _____.



Scríbhneoireacht

Déan taighde ar Van Gogh agus scríobh alt eolais faoina shaol agus a shaothar.





CAIBIDIL 11

Triail Tuisceana

1. Cén t-am a taispeánadh ar uaireadóir Chonchúir?
2. Cén cineál bricfeasta a bhí san óstán?
3. Cén fáth ar ith Conchúr an oiread sin ag am bricfeasta?
4. Cad iad na trí thír arbh as na turasóirí a bhí sa scuaine?
5. Cén fad a bhí Conchúr ina sheasamh sa scuaine le dul isteach i dteach Anne Frank?
6. Cá bhfuair Anne Frank bás?
7. Cén fáth a raibh difríocht idir am na hísiltíre agus an t-am a bhí ar uaireadóir Chonchúir?
8. Cad atá i gceist ag Conchúr leis an abairt 'seans nach bhfeicfeadh sé ach barraí iarainn feasta'?
9. Cén chaoi ar airigh Conchúr, dar leat, nuair a chuir an bhean deireadh leis an nglaoch ar lch 59?
10. Cén fáth nach raibh an bhean ag iarraidh go bhfeicfeadh Conchúr a héadan?



Nathanna cainte

Cuardaigh na nathanna seo ar lch 58:

Ba chuma leis faoi ...

Chuir siad ionadh air ...

Thaitin an ...

D'ardaigh siad a chroí ...

Ní raibh sé chomh tógtha sin ...

Ba é ... ab fhéarr leis

Déan cleachtadh ar na nathanna sin agus déan iarracht na nathanna thuas a chríochnú le scéalta ó do shaol féin. Déan é seo mar chleachtadh ó bhéal.



Stór focal

Seo stór focal ó chaibidil 11. Déan iarracht an bhrí a mheaitseáil leis an bhfocal.

Focal	Brí
de réir	uisce ag titim
fairsing	as seo amach
cith	bheith faoi ghlas, i bpríosún
bhearr	ag gabháil le
feasta	tuairim, smaoineamh
giotaí	tabhairt faoi dhuine, labhairt go gránna leo
géibheann	nóta ag rá gur íoc tú as rud éigin
nóisean	píosaí beaga
admháil	go flúirseach, ar fáil go forleathan
bleid	gruaig a bhaint de do chraiceann

Taighde/Obair ranga/Scríbhneoireacht

1. Déan taighde ar shaol Anne Frank agus scríobh píosa faoina saol.
2. Scríobh achoimre 50 focal ar an méid a tharla i gcaibidil 11.
3. Cuardaigh an pictiúr *De Roze Perzikboom* ar líne agus scríobh alt gairid ag déanamh cur síos air.
4. Tá an bhean sa chóta dearg thar a bheith rúnda. I do thuairim féin, cén sórt carachtair í? Cén aithne atá aici ar Fat Tony? Cén fáth a bhfuil baint aici leis? Scríobh próifíl charachtair di i do chóipleabhar.



Taighde/Obair ghrúpa

Féach ar an idirlíon ar na ceithre phictiúr de chuid Van Gogh atá luaite ar leathanach 58. Pléigh cén ceann is fearr agus cén fáth. An bhfuil gach duine ar aon tuairim faoi? D'fhéadfá iarracht a dhéanamh ceann acu a phéinteáil tú féin.



Díospóireacht

Mar rang iomlán, pléigí an rún díospóireachta seo thíos:

‘Is maith an rud é dialann a choinneáil, mar a rinne Anne Frank.’



Feasacht Teangacha

Tá roinnt focal i gcló iodálach nach Gaeilge ná Béarla iad. Tugtar a mbrí i nGaeilge. Déan iarracht iad a léamh os ard agus fiosraigh an bhfuil aon chosúlachtaí ann le Gaeilge nó le Béarla. An mbeifeá in ann an bhrí a oibriú amach tú féin?

De Nachtwacht

Irissen Korenveld

Zonnenbloemen

De Roze Perzikboom



CAIBIDIL 12

Triail Tuisceana

1. Scríobh liosta de na rudaí a bhí sa mhála.
2. Cad a bhí sa mhála a raibh Conchúr in amhras faoi?
3. Cad a dhéanfadh Fat Tony leis dá gcaillfeadh sé an stuif?
4. Cén boladh a chuireann dallamullóg ar na madraí, dar le Conchúr?
5. Cad a bhí 'fliuch le hallas'?
6. Cén t-ainm a thugtar ar dhuine a thugann 'stuif' tríd an aerfort?
7. Cén jab a bhíonn ag lucht custaim ag an aerfort?
8. Cén fáth ar lig Conchúr air nár thuig sé an freastalaí ag an mbialann?
9. Cén chaoi a n-airíonn Conchúr agus é ina luí sa leaba, meas tú?
10. An gceapann tú go mbéarfad ar Chonchúr agus é ag dul trí chustaim ag an aerfort?



Nathanna Cainte

Pléigh na nathanna seo a leanas agus cum abairtí ó bhéal a léiríonn an bhrí atá leo.

- Is beag cur amach a bhí ag ... (lch 61)
- Ní raibh aon dul as aige. (lch 63)

Tá na nathanna cainte seo thíos sa dá chaibidil.

- neart ama
- ar an toirt
- fliuch le hallas
- ní raibh aon dul as aige
- rith sé leis

Úsáid gach ceann in abairt de do chuid féin chun a bhrí a léiriú.



Stór Focal

Tá na leaganacha i gcaibidil 11 agus 12 atá ar aon bhrí leis na míniúcháin thíos. An féidir leatsa iad a aimsiú?

1. Ar fud na háite: _____
2. Líne daoine ag fanacht ar rud éigin: _____
3. Dorcha agus gránna: _____
4. Fuinneamh, leictreachas uaireanta: _____
5. Fianaise gur cheannaigh tú rud éigin: _____
6. Ag iarraidh rudaí a fháil amach, ceisteach: _____
7. Ní fios cad é: _____
8. Cleas a imirt chun an fhírinne a chaomhnú: _____
9. Gan aon ord agus eagar ar bith: _____



Gramadach: An Modh Coinníollach

Tá roinnt briathra ar lch 62 agus 63 sa mhodh coinníollach. Aimsigh iad agus abair cé acu leathan (l) nó caol (c) atá siad. Tabhair an patrún litrithe faoi deara!

Fréamh	Modh coinníollach (séimhiú agus -fadh/-feadh)
caill	chaillfeadh (c)
mill	
stop	
cuir	
tóg	



Scríbhneoireacht

1. Scríobh nóta gairid do Chonchúr le cur faoi dhoras an tseomra ag moladh dó cad is fearr dó a dhéanamh.
2. Scríobh ríomhphost ón mbean chuig Fat Tony, ag insint dó go bhfuil an jab déanta agus cad a cheap sí de Chonchúr.



Fiosrú Focal

‘Clúdaithe le plaisteach **trédhearcach**’.

Cad a chiallaíonn an réimír ‘tré-’?

Leis an eolas sin, oibrigh amach brí na bhfocal seo:

trébhealach tréthrácht tréshoilseach

Cén t-athrú a thagann ar an dara cuid den fhocal mar gheall ar an réimír?



Plé Ranga

‘Dá mbeifeá féin i mbróga Chonchúir anois, cad a dhéanfá?’

Smaoinigh ar na féidearthachtaí éagsúla agus ansin pléigh leis na daoine eile i do ghrúpa iad.



CAIBIDIL 13

Triail Tuisceana

1. Cé a bhí ar an bhfón?
2. Cén bhagairt a rinne Fat Tony?
3. Cad é a ghreamaigh an cailín den chás ag an aerfort?
4. Cad iad na trí bhall éadaigh a luaigh an t-údar a bhí ar an tseanbhean?
5. Scríobh dhá cheist a chuir an tseanbhean ar Chonchúr?
6. Cad a rinne an tseanbhean nuair a thuirling an t-eitleán?
7. Cén fáth ar choinnigh Conchúr súil ghéar ar an gcás?
8. Meas tú cén fáth a raibh Conchúr ag iarraidh suí leis féin?
9. Cén chaoi ar airigh Conchúr faoin tseanbhean faoi dheireadh na heitilte?
10. Cén fáth a raibh an Garda in amhras faoi Chonchúr, an gceapfá?



Stór Focal

Léigh na focail seo thíos agus pléigh leis an duine in aice leat iad. Nuair a thuigfidh sibh gach ceann acu cumaigí abairtí a léireoidh an bhrí atá leo.

leisceoir, meancóg, gread, plódaíthe, beathaisnéis, teannas, srianadh

Plé Ranga

1. Tá Conchúr anois tarraingthe ar leataobh ag an nGarda. Le do pháirtí, cleachtaigí an comhrá a cheapann sibh a bheadh idir Conchúr agus an Garda. Léirígí don rang é.
(Cuimhnigh: Tá bagairt déanta ag Fat Tony ar shaol Chonchúir. Is le Conchúr an mála - ní féidir leis é sin a shéanadh.)
2. Ar cheart do Chonchúr imeacht leis go tír éigin eile? An Bhrasaíl, an tSín, Meicsiceo?



Fiosrú Focal: Réimír/Comhfocal

Is samplaí iad **droch-**, **ath-** agus **tré-** de **réimíreanna**. Ceanglaítear iad le tús focail eile chun an bhrí a athrú. Dhá fhocal ceangailte le chéile atá i gcomhfocal.

Breathnaigh ar na focail seo thíos ó chaibidil 13. An féidir leatsa an réimír a aithint i ngach cás? Scríobh an réimír sa cholún ar chlé i ngach cás.

Réimír	Comhfocal
	mífhoighne
	racbhanna
	neamhshuimiúil
	seanbhean
	diancheistiú
	síorchaint
	neamhbhuartha
	tréaniarracht

Scrúdaigh an t-athrú a thagann ar an dara cuid den fhocal, de ghnáth, nuair a dhéantar comhfocal. Cén patrún a fheiceann tú?

Cén bhrí atá leis na réimíreanna éagsúla? (Scríobh an bhrí in aice leis an bhfocal).

Anois, scríobh abairtí samplacha chun brí na gcomhfocal sin ar fad a léiriú.



CAIBIDIL 14

Triail Tuisceana

1. Cár thug na Gardaí Conchúr?
2. Cad a rinne an Garda leis an scian phóca?
3. Cén fáth a ndearnadh x-ghathú ar Conchúr?
4. Cén fhoirm a bhí le líonadh ag Conchúr?
5. Cén chaoi ar airigh Conchúr nuair a chonaic sé na Gardaí uile?
6. Cén fáth a ndúirt Conchúr nach 'raibh an dara dul as aige' (lch 73)?
7. Cad iad na tástálacha a bhí ar siúl ag an anailísí?
8. An gceapann tú go bhfuil an stuif goidte? Cén fáth?
9. Cén fáth a raibh Conchúr 'amaideach' agus ar bhuail 'racht feirge' é ar lch 77?
10. Cén chaoi a nglacfaidh Fat Tony leis an scéal nach bhfuil aon 'stuif' aige?



Stór Focal/Nathanna Cainte

Pléigh na nathanna agus na focail seo ón gcaibidil agus cum abairtí ó bhéal a léiríonn an bhrí atá leo.

... iad ag stánadh air go **fuarchúiseach**.

... píosa fada cainte faoi **rabhadh** agus **cearta**.

Bhain sé an **claibín** den taos fiacla.

Chroith sé an **promhadán**.

Tá tú i dteideal **cúiteamh** a **éileamh** ar do chás.

Liosta tréithe na gcarachtar

Féach ar na tréithe ar fad sa liosta thíos. An dtuigeann tú gach ceann acu? Má tá aon cheann ann nach dtuigeann tú, cuir ceist ar an múinteoir nó féach san fhoclóir.

<i>foighneach</i>	<i>cineálta</i>	<i>macánta</i>	<i>cliste</i>	<i>deas</i>	<i>cúthail</i>
<i>mífhoighneach</i>	<i>cróga</i>	<i>suimiúil</i>	<i>ealaíonta</i>	<i>béasach</i>	<i>gealgháireach</i>
<i>greannmhar</i>	<i>staidéarach</i>	<i>fial flaithiúil</i>	<i>díograiseach</i>	<i>neamhspleách</i>	
<i>cainteach</i>	<i>cantalach</i>	<i>mífhoighneach</i>	<i>leadránach</i>	<i>páistiúil</i>	
<i>feargach</i>	<i>mímhacánta</i>	<i>glic</i>	<i>teasaí</i>	<i>ceanndána</i>	<i>amaideach</i>
<i>néirbhíseach</i>	<i>olc</i>	<i>leithleasach</i>	<i>scanrúil</i>	<i>drochbhéasach</i>	<i>cruálach</i>
<i>santach</i>	<i>searbhasach</i>	<i>leisciúil</i>			

Scríobh ar a laghad trí thréith a bhaineann le gach duine de na carachtair thíos:

Conchúr: _____

Fat Tony: _____

Stanley: _____

Scáth: _____

An bhean in Amstardam: _____

An tSeanbhean: _____

Cathain a léirigh na carachtair na tréithe sin?



Scríbhneoireacht

1. Lig ort gur cuireadh Conchúr sa phríosún. Scríobh an litir a scríobhfadh sé chuig Fat Tony.
2. Is tusa an t-oifigeach custaim. Scríobh an tuairisc atá le scríobh agat i ndiaidh duit scrúdú a dhéanamh ar Chonchúr.



CAIBIDIL 15

Triail Tuisceana

1. Cá raibh na pianta ar Chonchúr nuair a dhúisigh sé?
2. Cén cineál blais a bhí ina bhéal?
3. Cad iad na háiteanna a mbeidh na daoine óga ar an tram ag dul chucu?
4. Cén fáth ar dhún Conchúr a bhéal go gasta?
5. Meas tú an 'teist' a bhí ann le go bhfeicfeadh Fat Tony an raibh Conchúr oiriúnach don obair?
6. Bíonn cupán caife agus barra seacláide ag Conchúr nuair a bhíonn sé trína chéile. Cad a dhéanann tusa nuair a bhíonn rud éigin ag cur isteach ort?
7. Cén chanúint ina gcloisfeá an focal 'leathbhomaite'?
8. Cén fáth ar thit Conchúr siar ar lch 82?
9. Cad atá i gceist le 'líon Fat Tony' ar lch 84, an gceapann tú?
10. Cad atá Fat Tony agus an Scáth a rá lena chéile ag an deireadh, meas tú?



Stór Focal

Tú féin agus an duine in aice leat, cuirigí na focail seo a leanas in abairtí:

drogallach, oiriúnach, ar fiuchadh, beartaithe, neamhbhalbh, glégheal, callánach, déistin, leathbhomaite, beacht, síorstánadh



Plé Ranga

1. **Díospóreacht:** An bhfuil Fat Tony taobh thiar den mhí-ádh uile a bhí ar Chonchúr bocht sa scéal? Pléigh na fáthanna atá le do thuairim.
2. An mbeidh deireadh sona ann do Chonchúr?



Scríbhneoireacht

1. Déan taighde ar an údar agus scríobh alt faoi.
2. Scríobh cúig cheist ba mhaith leat a chur ar an údar.
3. Scríobh an deireadh a bheidh leis an scéal seo, dar leat féin.
4. Scríobh achoimre ar an scéal go dtí seo.





CAIBIDIL 16

Cúpla ceist spráúil

Smaoinigh ar na carachtair seo: Conchúr, Fat Tony, Stanley, an Scáth, deirfiúr Chonchúir, an bhean in Amstardam agus an tSeanbhean a bhí ar an eitleán. Ansin, freagair na ceisteanna seo thíos:

(Níl anseo ach píosa spraoi - ní gá go mbeadh an freagra ceart agat!)

1. Cén carachtar is mó a mbeadh eagla ort roimhe/roimpi?
2. Cén carachtar is lú a mbeadh eagla ort roimhe/roimpi?
3. Cén carachtar is mó ar mhaith leat aithne a chur air/uirthi?
4. Cén carachtar is lú ar mhaith leat aithne a chur air/uirthi?
5. Cén carachtar a bheadh go maith ag imirt peile?
6. Cén carachtar a chasann an pianó?
7. Cén carachtar a dtaitníonn Demi Lovato leis/léi?
8. Cén carachtar is fearr ag an matamaitic?
9. Cén carachtar is mó a bhíonn ag léamh?
10. Cén carachtar atá scanraithe roimh shióg na bhfiacra?
11. Cén carachtar a bhíonn ag garraíodóireacht?
12. Cén carachtar a chasann an fhidil?
13. Cén carachtar a dtaitníonn an dath buí leis/léi?
14. Cén carachtar a théann ar an aifreann gach lá?
15. Cén carachtar a bhíonn ag caoineadh agus é/í ag éisteacht le ceol clasaiceach?
16. Cén carachtar atá scanraithe roimh dhamháin alla?



Stór Focal

Léigh na focail sa liosta ar chlé thíos. Anois faigh foclóir agus cuardaigh focal ar bith nach dtuigeann tú. Nuair a thuigfidh tú gach ceann díobh, déan iarracht iad a aimsiú sa chuardach focal thíos.

eascaine

cláruimhir

tiúnáil

bolcán

faiteach

ucht

díoltas

bíomal

bior

loscadh

e	e	d	í	o	l	t	a	s	t
a	a	l	o	s	c	a	d	h	i
b	s	s	c	a	i	n	e	c	ú
i	c	l	c	á	l	r	u	a	n
o	i	m	h	a	i	r	b	e	á
r	o	l	m	c	i	á	n	t	i
f	a	o	i	t	t	n	e	i	l
a	í	c	h	h	u	c	e	a	h
b	b	o	l	c	á	n	t	f	d
c	l	á	r	u	i	m	h	i	r



Plé Beirte/Ranga

1. An raibh súil agat leis an an deireadh sin?
2. An raibh leideanna ar bith sa scéal a thabharfadh le fios gurb é sin an deireadh a bheadh leis an scéal?



Scribhneoireacht

Cuir deireadh iomlán difriúil eile leis an scéal seo.

ABC Litriú

Tá na litreacha sna focail seo measctha. Cuir ar ais san ord ceart iad.

drgalaholc _____

tuieanhscac _____

nitsiéd _____

doseríoioi _____

allagamh _____

scaeaine _____

crfeáiach _____

satloíd _____

téireach _____

minh _____

👤👤 Díospóireacht

Mar rang iomlán, cuirigí díospóireacht ar siúl. Tugaigí faoin rún díospóireachta seo thíos:


‘Bhí sé de cheart ag Conchúr na drugaí a thabhairt do na Gardaí agus an scéal a insint dóibh.’

Tátal

Ar an ngraf thíos, tabhair le fios cén chaoi ar airigh an príomhcharachtar ag pointí éagsúla i rith an scéil.

Ainm an Scéil: _____

Carachtar: _____ Dath na líne: _____



Mínigh an graf. Cén fáth ar athraigh móthúcháin an charactair ag pointí éagsúla i rith an scéil?

Bain úsáid as dath eile anois agus déan iarracht móthúcháin carachtair eile a chlárú ar an ngraf. Déan comparáid idir an péire. Cén chaoi a bhfuil siad éagsúil lena chéile?

Carachtar: _____ Dath na líne: _____

